An Coimisiún Reifrinn



An Treoir Neamhspleách

don Reifreann an 31ú Bealtaine ar an gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach

Referendum2012.ie

An Coimisiún Reifrinn

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn 1998. Is é an Breitheamh Kevin Feeney Cathaoirleach an Choimisiúin reatha. Is iad seo a leanas na comhaltaí eile: An tUasal Kieran Coughlan, Cléireach Dháil Éireann; Deirdre Lane, Uas., Cléireach Sheanad Éireann; Emily O'Reilly, Uas., an tOmbudsman agus an tUasal Gerard Smyth, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

An Coimisiún Reifrinn

An Coimisiún Reifrinn
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: 01 639 5695
íosghlao: 1890 270 970
Ríomhphost: refcom@refcom.gov.ie
Gréasán: www.referendum2012.ie

Tá an foilseachán seo ar fáil in Braille, ar dlúthdhiosca agus i bhformáid mhórchló ó NCBI. Tá sé ar fáil freisin i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar shuíomh idirlíon Chumann Bodhar na hÉireann (www.irishdeafsociety.ie) agus DeafHear.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéar arna fháil ó foraois a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe.

Réamhrá

Féadfaidh tú vótáil i reifreann an 31 Bealtaine maidir le cibé acu ar chóir d'Éirinn an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhardú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhaingniú. Is é an "Conradh um Chobhsaíocht Fhioscach" an leagan gairid d'ainm an Chonartha agus is focal teicniúil é 'cobhsaíocht' a chiallaíonn 'seasmhacht' i nGaeilge.

Shínigh 25 de 27 ballstát an AE an Conradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach i mí an Mhárta 2012 mar chuid dá bhfreagairt ar an ngéarchéim eacnamaíochta, go háirithe ar an ngéarchéim i limistéar an euro.

Is éard atá i gceist leis an gConradh go láidreofar na rialacha a ceapadh le tabhairt ar rialtais a n-ioncam agus a gcaiteachas a choinneáil cothrom le chéile. Tá rialacha de chuid an AE faoi seo ann cheana féin agus tá feidhm acu sin le hÉirinn. Féachtar leis an gConradh na rialacha sin a láidriú agus ceanglaítear ar thíortha roinnt de na rialacha a chur isteach sa dlí náisiúnta. Ní gá go ndaingneodh gach ballstát den AE an Conradh go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Má dhaingníonn 12 thír, ar a laghad, i limistéar an euro é agus má dhaingníonn Éire é, beidh feidhm ag an gConradh iomlán le hÉirinn mar chuid de limistéar an euro.

Tugtar míniú ginearálta sa leabhrán treorach seo ar an méid a bhfuiltear ag iarraidh ort vótáil ina leith. Tá sé foilsithe ag an gCoimisiún Reifrinn, comhlacht neamhspleách, arb é an jab atá acusan míniú chomh soiléir agus is féidir a thabhairt ar an reifreann. Níl argóintí sa leabhrán treorach seo ar son vóta 'tá' nó 'níl'; tugtar faisnéis fhíriciúil ann chun cabhrú leat do chinneadh a dhéanamh.

Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe le fáil ar ár suíomh idirlín www.referendum2012.ie nó trí ghlaoch a chur ar 1890 270 970.

Molann an Coimisiún go mór duit do vóta a chaitheamh.

Kevin Feeney
Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn

Referendum2012.ie

Céard atá i gceist leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach

Achoimre *Tugtar cur síos gairid ar a bhfuil sa Chonradh sa chuid seo. Tá faisnéis níos mionsonraithe le fáil ina dhiaidh.*

Baineann an Conradh leis na rialacha lena gcuirtear teorainn le méid na n-easnamh i mbuiséad rialtais. Tá dhá bhealach ann lena ndéantar easnamh i mbuiséad rialtais a thomhas:

- Má chaitheann tír níos mó ná an t-ioncam a fhaigheann sé in aon bhliain amháin, bíonn "easnamh ginearálta i mbuiséad an rialtais".
- "Easnamh struchtúrach" is ea an méid a bheadh i gceist leis an easnamh ginearálta i mbuiséad rialtais dá mbeadh cúrsaí eacnamaíochta normálta agus mura gcuirfí caiteachas nó ioncam aonuaire san áireamh.

Tá sé beartaithe leis an gConradh go gcuirfear le rialacha reatha an AE maidir le heasnaimh i mbuiséad rialtais. Deirtear le rialacha reatha gur chóir go gcoinneodh tíortha easnaimh ghinearálta i mbuiséid bhliantúla rialtais faoi bhun 3% den Olltáirgeacht Intíre (OTI) (is é sin le rá, nár chóir gur mó an t-easnamh ná 3% de luach na n-earraí agus na seirbhísí go léir a tháirgtear sa gheilleagar) agus gur chóir fiacha foriomlána rialtais a choinneáil faoi bhun 60% den OTI. Tá nósanna imeachta de chuid an AE i bhfeidhm le féachaint lena chinntiú go ndéanfaidh tíortha é sin.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a dhéanfaí de bharr an Chonartha seo:

- Is é 0.5% den OTI an t-easnamh struchtúrach is mó a d'fhéadfadh tír a phleanáil a bheith ina mbuiséad. Bheadh sprioc sonrach maidir leis an méid sin aontaithe ag gach tír leis an AE, agus bheadh ar an tír oibriú i dtreo na sprice sin.

- Caithfear na rialacha maidir le heasnaimh struchtúracha a chur isteach sa dlí náisiúnta. Foráiltear leis an gConradh go mbeidh comhlacht neamhspleách ann ar leibhéal náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas leis na rialacha a chur i ngníomh.
- Chaithfeadh nós imeachta a bheith san áireamh sa dlí náisiúnta, a rachadh i bhfeidhm go huathoibríoch, lena chinntiú go ngníomhófaí dá mba mhó an t-easnamh struchtúrach ná an sprioc a leagadh síos.
- Dá dteipfeadh ar thír an dlí náisiúnta seo a thabhairt isteach, d'fhéadfadh Cúirt Bhreithiúnais an AE fíneáil a ghearradh ar an tír dá thoradh.

Tá Éire páirteach sna nósanna imeachta de chuid an AE cheana féin maidir leis an easnamh ginearálta ina buiséad rialtais a thabhairt anuas chuig 3% agus tá 2015 socraithe mar an spriocdháta leis sin a dhéanamh.

I gcodanna eile den Chonradh, áirítear rialacha de chuid an AE atá i bhfeidhm cheana féin i ndáil le fiacha foriomlána rialtais, beartais eacnamaíochta a chomhordú agus faisnéis a roinnt i measc rialtais na dtíortha a dhaingneoidh an Conradh. Cuirtear na socruithe neamhfhoirmiúla reatha maidir le limistéar an euro a rialú ar bhonn foirmiúil sa Chonradh freisin.

Deirtear sa réamhrá a ghabhann leis an gConradh, maidir le tíortha a bheidh ag iarraidh maoiniú a fháil ó bhuanchiste tarrthála nua an AE – an Mheicníocht (nó 'Sásrá') Eorpach um Chobhsaíocht (MEC) – nach mbeidh teacht acu ar an gciste sin ach amháin sa chás go ndaingneoidh siad an Conradh seo.

Faisnéis *Tá faisnéis níos mionsonraithe sa chuid seo.*

Na rialacha maidir le heasnaimh i mbuiséad rialtais

Sa reifreann ar Chonradh Maastricht i 1992, d'aontaigh Éire go gcloífeadh an tír leis an riail go gcaithfidh nach mbeidh suim is mó ná 3% den Olltáirgeacht Intíre i gceist leis an easnamh ginearálta i mbuiséad an rialtais in aon bhliain amháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe de chuid an AE ann lena leagtar amach céard a tharlóidh mura mbíonn tír ag cloí leis an riail sin. Ní mór d'Éirinn sprioc an 3% a bhaint amach faoi dheireadh 2015.

Athluaitear na rialacha sin de chuid an AE atá ann cheana féin sa Chonradh um Chobhsaíocht Fhioscach agus cuirtear roinnt eilimintí nua isteach mar chuid díobh leis an gConradh.

An riail maidir le "heasnaimh struchtúracha"

Tá sé beartaithe leis an gConradh seo go gcuirfear le rialacha an AE trí éileamh go gcaithfidh nach mó ná 0.5% den OTI an t-easnamh "struchtúrach" nó bunúsach i mbuiséad rialtais freisin. (I gcásanna áirithe, féadfaidh an t-easnamh struchtúrach a bheith chomh hard le 1% den OTI).

Más mó an t-easnamh struchtúrach ná an méid a cheadaítear, caithfidh an tír oibriú chuige sa chaoi go laghdófar é faoi cheann tréimhse ama teoranta a shonróidh an Coimisiún Eorpach. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin a fhéadfaidh tír imeacht ón teorainn ama seo.

Foráiltear leis an gConradh go gcomhlíontar na rialacha seo maidir leis an easnamh struchtúrach má bhíonn an t-easnamh de réir an chuspóra sonraigh a leagtar síos do gach tír ag an rialtas le haontú ón AE (tugtar an "cuspóir meántéarmach a bhaineann le tír go sonrach" air sin). Is féidir an cuspóir a athrú ó am go chéile chun athruithe ar chúrsaí eacnamaíochta a chur san áireamh.

Má bhíonn tír chun deiridh go suntasach maidir lena cuspóir meántéarmach a bhaint amach, nó mura mbítear ag dul chun cinn sách gasta i dtreo an chuspóra seo, éilítear leis an gConradh go dtiocfaidh "meicníocht cheartúcháin" uathoibríoch i bhfeidhm. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tír faoi oibleagáid an t-easnamh a chur ina cheart, mar shampla, trí chánacha a ardu nó caiteachas a ghearradh.

Fíricí Úsáideacha

Céard atáthar ag iarraidh ort a dhéanamh sa reifreann

An 31 Bealtaine, iarrfar ort vótáil 'tá' nó 'níl' maidir le fo-alt nua a chur isteach in Airteagal 29.4 de Bhunreacht na hÉireann.

Is í seo a leanas an fhoclaíocht a bheartaítear a bheith san fho-alt nua:

"Féadfaidh an Stát an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhardú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta arna dhéanamh sa Bhruiséil an 2ú lá de Mhárta 2012 a dhaingniú. Ní dhéanann aon fhoráil atá sa Bhunreacht seo dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta a ghlac an Stát de bhíthin riachtanais na n-oibleagáidí atá ar an Stát faoin gConradh sin a chur ó bhail dlí ná cosc a chur le dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta a ghlac comhlachtaí atá inniúil faoin gConradh sin ó fheidhm dlí a bheith acu sa Stát."

Má vótálann tromlach na ndaoine 'tá', cuirfear an fo-alt nua seo isteach sa Bhunreacht agus daingneoidh an Rialtas an Conradh. Tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm má dhaingníonn 12 thír ar a laghad as an 17 dtír a úsáideann an euro é, mar sin ní gá é a bheith daingnithe ag na ballstáit ar fad d'aontoil. Má thagann sé i bhfeidhm agus má bhíonn sé daingnithe ag Éirinn, chaithfí an reachtaíocht náisiúnta a éilítear leis an gConradh a thabhairt isteach faoi cheann bliana.

Má vótálann tromlach na ndaoine 'níl', ní chuirfear an fo-alt nua seo isteach sa Bhunreacht agus ní dhaingneoidh an Rialtas an Conradh. Tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm má dhaingníonn 12 thír i limistéar an euro é ar a laghad. Beidh na tiortha a mbeidh an conradh daingnithe acu faoi cheangal a fhorálacha a chomhlíonadh ansin.

Dlí Náisiúnta

Beidh na tíortha a dhaingneoidh an Conradh seo faoi oibleagáid na rialacha maidir le heasnaimh struchtúracha a chur isteach sa dlí náisiúnta. Ciallaíonn sé seo, má dhaingníonn Éire an Conradh seo, go gcaithfear na rialacha a leagan amach i ndlí na hÉireann, agus go gcaithfidh go mbeidh sonraí ar an "meicníocht cheartúcháin" atá beartaithe, agus ar an mbealach a d'fheidhmeofaí í, san áireamh sa dlí sin freisin.

Ról na Cúirte Breithiúnais

Má theipeann ar thír a mbeidh an Conradh seo daingnithe acu iomlán na rialacha maidir le heasnaimh struchtúracha chur isteach sa dlí náisiúnta, féadfar an cheist a chur ar aghaidh chuig Cúirt Bhreithiúnais an AE. Beidh sé éigeantach cloí le rialú na Cúirte, agus má theipeann ar thír amhlaidh a dhéanamh, féadfaidh an Chúirt fíneálacha chomh mór le 0.1% de OTI na tíre a ghearradh ar an tír ansin.

An t-easnamh ginearálta i mbuiséad rialtais

Éilítear leis an gConradh go dtacóidh tíortha a mbeidh an Conradh daingnithe acu leis an gCoimisiún Eorpach nuair a dhéanann sé moltaí faoin mbealach ar chóir do thíortha an t-easnamh ginearálta i mbuiséad a rialtais a laghdú. Ní chaithfidh siad tacú leis na tograí seo áfach má bhíonn tromlach cáilithe de na tíortha atá i limistéar an euro i gcoinne mholadh an Choimisiúin. (Tromlach cáilithe is ea córas lena gcuirtear daonra tíre san áireamh i vóta gach tíre ach gan vóta na tíre a bheith i gcomhréir go díreach lena daonra).

Na rialacha maidir le fiacha rialtais

Faoi na rialacha reatha, caithfidh gach tír fiacha ginearálta a rialtais a choinneáil faoi bhun 60% den OTI. D'aontaigh Éire leis an riail seo i reifreann Maastricht i 1992. Faoi rialacha reatha an AE, caithfear laghdú, a bheidh comhionann leis an bhfichiú cuid de pé fiacha breise, a dhéanamh in aghaidh na bliana ar an meán go mbainfear an sprioc amach. Athluaitear na ceanglais seo sa Chonradh.

Beartais eacnamaíochta a chomhordú

Leis na conarthaí atá i bhfeidhm san AE, foráiltear le haghaidh nósanna imeachta is meicníochtaí éagsúla maidir le cúrsaí eacnamaíochta a chomhordú. Athluaitear sa Chonradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach gealltanas na dtíortha a bheidh páirteach ann go ndéanfaidh siad na bearta a bheidh riachtanach lena chinntiú go mbeidh limistéar an euro ag feidhmiú go maith.

Aontóidh na tíortha a dhaingneoidh an Conradh chomh maith go bpléifidh siad athchóirithe, a phleanálfar a dhéanamh ar bheartais eacnamaíochta, eatarthu féin sula gcuirfear i ngníomh iad agus, i gcás gur cuí, go gcomhordóidh siad athchóirithe dá leithéid.

Fíricí Úsáideacha

An Bhaint atá ag an gConradh le Dlíthe an AE

Conradh is ea an Conradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach atá aontaithe ag 25 de 27 ballstát an AE agus tá siad ag cuimhneamh ar an gconradh a dhaingniú anois – is é sin, iad féin a chur faoi cheangal an Conradh a chomhlíonadh. Níl an Conradh sínithe ag Poblacht na Seice ná ag an Ríocht Aontaithe. Ní Conradh de chuid an AE atá ann agus mar sin, ní athraíonn sé na conarthaí lena rialaítear an AE. Deirtear sa Chonradh áfach go bhfuil sé le léirmhíniú agus le feidhmiú de réir dhlíthe an AE (lena n-áirítear conarthaí an AE), go mbeidh tosaíocht ag dlíthe an AE i gcás go mbeidh coimhlint ann, agus go n-úsáidfear roinnt institiúidí de chuid an AE sa phróiseas leis an gconradh a chur i ngníomh. Deirtear sa Chonradh go bhféachfaidh na tíortha a dhaingneoidh an Conradh le substaint an Chonartha a thabhairt isteach i gconarthaí an AE a luaithe is féidir agus faoi cheann cúig bliana ar a dhéanaí (tugtar an "clásal athdhúichithe" air seo).

Limistéar an euro a rialú

Déantar cleachtas foirmiúil leis an gConradh den chleachtas atá ann faoi láthair maidir le ceannairí thíortha an Euro a bheith ag tionóil cruinnithe. Éilítear sa Chonradh go gcaithfidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na dtíortha i limistéar an euro a dhaingneoidh an Conradh bualadh le chéile go neamhfhoirmiúil i "gCruinnithe Mullaigh Euro" dhá huair in aghaidh na bliana.

Fíricí Úsáideacha

Éifeacht an Chonartha ar chúnamh airgeadais/ mheicníochtaí tarrthála

Cuirtear tús leis an gConradh le haithrisí, ar ráitis atá iontu faoi aidhmeanna agus intinn na bpáirtithe i gconradh. I gceann dá aithrisí, deirtear sa Chonradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach nach bhfuil sé le léirmhíniú mar chonradh lena n-athrófar na coinníollacha faoina bhfuil cúnamh airgeadais ("tarrtháil") tugtha do thíortha a bhfuil fadhbanna móra eacnamaíochta acu. Mar sin, ní fhéachtar leis an gconradh le dul i bhfeidhm ar an gclár reatha tarrthála atá ag Éirinn agus a aontaíodh leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach (ar a dtugtar an *Troika* i gcoitinne). Deirtear le haithris eile áfach, ón 1 Márta 2013, nach dtabharfar aon chiste tarrthála amach anseo, ina n-úsáidfear cistí ón Meicníocht Eorpach um Chobhsaíocht (MEC), ach amháin do thíortha a mbeidh an Conradh seo daingnithe agus curtha i ngníomh acu. (Is é an MEC meicníocht tharrthála bhuan an AE a bhfuiltear ag súil leis a bheith curtha ar bun faoi mhí Iúil 2012). Mar sin, ní fhéadfadh bealach le teacht ar an bhfoinse mhaoinithe áirithe sin a bheith ina chuid d'aon tarrtháil amach anseo.

Tá conradh ar leith ann lena mbunaítear an Mheicníocht Eorpach um Chobhsaíocht. Tá an conradh maidir leis an MEC sínithe ag an 17 mballstát atá i limistéar an euro. NÍ hé sin ábhar an reifrinn in Éirinn.

Deirtear in aithris sa Chonradh maidir leis an MEC, faoin gConradh sin agus an Conradh um Chobhsaíocht Fhioscach "gur conarthaí comhlántacha iad i dtaca leis an bhfreagracht fhioscach a chothú...". Deirtear fosta san aithris seo go n-admhálann agus go n-aontaíonn páirtithe sa chonradh maidir leis an MEC nach mbeidh cistí tarrthála faoin MEC ar fáil ach amháin do na tíortha sin a mbeidh an Conradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach daingnithe acu.

Téarmaí a d'fhéadfá a chloisteáil i rith na díospóireachta

Fioscach: ciallaíonn sé go mbaineann sé le cúrsaí airgeadais rialtais lena n-áirítear caiteachas rialtais, ioncam rialtais, easnaimh i mbuiséad rialtais agus fiacha rialtais.

Easnamh Ginearálta i mBuiséad Rialtais: Is ionann an t-easnamh ginearálta i mbuiséad rialtais in aon bhliain amháin agus an méid a chaitheann rialtas sa bhreis ar an ioncam a fhaigheann sé.

Easnamh Struchtúrach: An t-easnamh struchtúrach nó bunúsach is ea an t-easnamh ginearálta i mbuiséad an rialtais don bhliain, "arna chur in oiriúint de réir an timthrialla" – is é sin le rá go gcuirtear an figiúr in oiriúint le héifeachtaí a chur san áireamh, a thagann de bharr fás níos gasta nó níos moille ná mar is gnáth a bheith á dhéanamh ag an ngeilleagar – agus go mbaintear ioncam nó bearta caiteachais aonuaire nó sealadacha amach as an bpróiseas leis an bhfigiúr a ríomh.

Fiacha Rialtais: Is ionann fiacha rialtais agus an tsuim iomlán atá ag iasachtóirí ar an Rialtas.

Olltáirgeacht Intíre (OTI): Luach iomlán na n-earraí agus na seirbhísí go léir a tháirgtear sa gheilleagar.

Comhshocrú Fioscach: Is é seo an téarma a úsáidtear go minic le cur síos a dhéanamh ar na rialacha maidir le heasnaimh agus fiacha sa Chonradh seo.

Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF): Is é seo an téarma a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar rialacha reatha an AE maidir le heasnaimh i mbuiséad rialtais agus fiacha rialtais. Tá na rialacha seo sna conarthaí lena rialaítear an AE agus i sraith rialachán agus treoracha de chuid an AE. Tháinig rialacháin nua i bhfeidhm i mí na Nollag 2011 dá ngairtear an *"Six Pack"* uaireanta.

Cuspóir Meántéarmach (CMT): Is é seo an cuspóir a leagtar síos do gach tír ag an rialtas le haontú ón AE i gcomhthéacs na rialacha maidir le heasnaimh struchtúracha a chomhlíonadh.

Is é do chinneadh é. Vótáil Tá nó Níl.